

An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Cigireacht Ábhair ar an bhFraincis
TUAIRISC**

**Pobalscoil Chorca Dhuibhne
An Daingean, Contae Chiarraí
Uimhir Rolla: 915110**

Dáta na cigireachta: 31 Márta 2011



**AN ROINN | DEPARTMENT
OIDEACHAIS | OF EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS**

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISIC SA BHFRAINCIS

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dáta na cigireachta	22 Márta 2011
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu <ul style="list-style-type: none">• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha• Plé leis an bPríomhoide, an Príomhoide Tánaisteach agus na múinteoirí• Caidreamh le scoláirí	<ul style="list-style-type: none">• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith seacht dtréimhse ranga• Iniúchadh ar obair na scoláirí• Aiseolas don Phríomhoide, an Príomhoide Tánaisteach agus na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí cainníocht an teagaisic agus na foghlama go han-mhaith i gcoitinne agus breathnaíodh roinnt cleachtas a bhí go sármhaith.
- Baineadh feidhm as an sprioctheanga sna ceachtanna a breathnaíodh agus i gceachtanna áirithe, cuireadh na scoláirí i dteagmháil le raon teanga a bhí íontach saibhir.
- Bhí an ghaolmhaireacht idir múinteoirí agus scoláirí agus an bainistiú ranga go han-mhaith.
- Tá an roinn Fraincise tiomanta don ábhar agus do fheabhsú an tsoláthair ar bhonn leantach; tá measúnú chumas cainte na scoláirí curtha chun cinn agus an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) seolta isteach mar thacaíocht don teagasc agus don fhoghlaim.
- Is croíghné den soláthar curaclaim an Fhraincise, agus cé gur ábhar inmí áirithe é an líon scoláirí a roghnaíonn í, tá an ghnóthachtáil go han-sásúil.
- Tá an tacaíocht scoile uile don ábhar go han-mhaith.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar go ndéanfaí monatóireacht leantach ar na leibhéil roghnúcháin san ábhar.
- Moltar go ndéanfaí iarratas ar chabhair ó chúntóir teanga Fraincise agus go bhforbrófaí nasc le scoil Fhrancach.
- Chun tacú lena hobair fhorbartha, ba chóir go leagfadh an roinn Fraincise plean gníomhaíochta amach.
- Sa phleanáil ábhair agus ceachtanna, ba chóir go dtógfaí ceann de thábhacht an chur chuige téamúil, de fhorbairt incriminteach scileanna, de shealbhú na struchtúr teanga agus de chomhchuimsiú spriocanna foghlama.

RÉAMHRÁ

Tá Pobalscoil Chorca Dhuibhne suite i nGaeltacht Chiarraí. Tá 464 scoláire ar rollaí faoi láthair sa scoil. Ceann den dá nuatheanga a thairgtear is ea an Fhraincis agus is ábhar roghnach í. Sa Timthriall Sóisearach, tá de chead ag scoláirí staidéar a dhéanamh ar an bhFraincis sa *Soláthar Lán-Ghaeilge* nó sa chlár comhthreomhar dátheangach *Droichead*.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí an teagasc agus an fhoghlaim go han-mhaith i gcoitinne sna ceachtanna a breathnaíodh agus chonacthas roinn cleachtas sármhaith.
- Roghnaíodh an t-ábhar ceachta go cúramach agus bhí sé bunaithe ar an siollabas. Tugadh suntas ar leith dóibh seo a leanas: a mhéid a ndearna na hoidí iarracht an t-ábhar a nascadh le saol agus le taithí na scoláirí agus a mhéid ar tapaíodh deiseanna chun feasacht chultúrtha a fhorbairt.
- Baineadh feidhm as an sprioctheanga sna ceachtanna go léir a breathnaíodh. I gceachtanna áirithe, cuireadh na scoláirí i dteagmháil le raon teanga a bhí íontach saibhir agus dúshlánach. Sna cásanna ar baineadh an úsáid ab éifeachtaí as an sprioctheanga, tacaíodh le sealbhú teanga na scoláirí trí mheán na straitéisí a leanas: malairtí a sholáthar sa sprioctheanga agus róbhraithstint ar aistriúchán a sheachaint; tacú le húsáid struchtúr agus iad a spreagadh; béim ar fhoghraíocht agus ar athdhéanamh; úsáid ceisteanna fiafraitheacha agus féincheartú fóna ag múinteoirí. Spreagadh caint na scoláirí trí thús ó bhéal a chur le ceachtanna agus thacaigh an-dea-úsáid na n-áiseanna físiúla, ina measc úsáid an TFC, le litearthacht, ar a n-áirítear cur in iúl ó bhéal agus ceapadóireacht. Pléadh an tábhacht a bhaineann le múineadh do scoláirí conas ceisteanna a chur agus moladh go gcruthófaí níos mó deiseanna sa rang do chur in iúl ó bhéal na scoláirí.
- Baineadh feidhm sciliúil as éagsúlacht modhanna teagaisc. Ina measc go suathinseach, bhí cómhtháthú nádúrtha, éifeachtach na scileanna éagsúla teanga agus comhtháthú stuama, tacúil an TFC. Moladh go mbainfí úsáid níos forleithne as obair bheirte agus ceisteanna oscailte, chomh maith le scileanna ilréimseacha éisteachta a chothú.
- Bhain na hoidí an-dea-úsáid as na hacmhainní a bhí ar fáil. Ghníomhaigh na rangsheomraí dea-chóirithe ina raibh múinteoirí bunaithe (ar a n-áirítear an seomra ríomhaireachta) mar thimpeallachtaí foghlama tacúla agus iad spreagúil don tsúil. Baineadh leas sciliúil as acmhainní TFC agus ábharacha i mórán de na ceachtanna a breathnaíodh. Bhain tairbhe ar leith leo seo i dtacú le scoláirí a bhí ag foghlaim na Gaeilge agus na Fraincise araon.
- Bhí an bainistiú ranga go han-éifeachtach. Tá aithne mhaith ag na hoidí ar a scoláirí, tá siad eolach ar a riachtanais foghlama agus íogair agus spreagúil ina gcur chuige.
- Chuaigh na hoidí i mbun cur i láthair na gceachtanna le dícheall agus bhí an luas teagaisc tarraingteach. Le linn na gceachtanna, chonacthas samplaí an-mhaithe de mhúinteoirí ag seiceáil don tuiscint. Léirigh na scoláirí feasacht mhaith ghramadaí agus tabhairt chun cuimhne fóna, agus bhí siad ar a suaimhneas ag freagairt. Bhí stór focal leathan meabhraithe ag na scoláirí sinsearacha. Luadh nár mhiste spriocanna foghlama scoláirí a shainiú ag tús gach ceachta, ina measc spriocanna foghlama na Gaeilge, más cuí. Ba chóir, freisin, go múiní do scoláirí conas nótaí a ghlacadh mar thaca dá bhfoghlaim phearsanta, agus go spreagfaí chuige sin iad.

- Ba ghné chroílárnach de na ceachtanna a breathnaíodh dáileadh agus athbhreithniú an obair bhaile. Baineadh leas an-éifeachtach as *Google Communications* chun tascanna a chur ar a súile do scoláirí. Pléadh an tábhacht a ghabhann le monatóireacht rialta a dhéanamh ar obair scríofa scoláirí ón Timthriall Sóisearach ar aghaidh.
- Cé is moite den triú bliain, tá ardmholadh tuillte ag an soláthar atá ann chun cumas na scoláirí ó bhéal a mheas, agus freisin ag an úsáid shamhlaitheach a bhaintear as scoláirí na hIdirbhliana chun scoláirí bhliain a haon agus a dó a mheas. Moladh nár mhiste go gcuirfí léibhéil chumais na scoláirí ó bhéal in iúl do thuismitheoirí.
- Athbhreithníonn an bhainistíocht scoile agus na múinteoirí Fraincise na torthaí sna scrúduithe teastais. Bíonn an ghnóthachtáil san ábhar i gcónaí ard.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá an rochtain ar an ábhar go maith. Le blianta beaga anuas, cúis áirithe imní iad na leibhéil roghnúcháin, go mór mór sa Timthriall Sóisearach. Roghnaíonn scoláirí na chéad bhliana Fraincise nó Spáinnis roimh theacht isteach dóibh; dá mbeadh blaiseadh faighte acu ar an dá theanga, bheadh a rogha bunaithe ar a dtaithe.
- Tá an lamháil ama don ábhar an-sásúil. Faoi láthair, tá beirt mhúinteoirí ag dhá rang-ghrúpa agus tá rang-ghrúpa amháin amchláraithe do thréimhse dhúbailte amháin agus trí thréimhse shingile. Moltar nár mhiste go mbeadh oide amháin freagrach as gach rang ar leith agus go gcuirfí tréimhsí singile teagaisc ar fáil.
- Tá an soláthar comhchuraclaim agus seach-churaclaim go maith. Gné shuntasach a tugadh faoi deara sna ceachtanna ná ionchorprú agus dúshaothrú an taithí chomhchuraclaim. Chuirfeadh nasc le scoil lán-Fhraincise deiseanna foghlama breise ar fáil do scoláirí.
- Déantar measúnú ar na scoláirí go rialta. Tá an chumarsáid le tuistí go maith agus seoltar tuairiscí chucu dhá uair sa bhliain. Tionóltar cruinnithe tuistí-oidí uair in aghaidh na bliana.
- Tá an soláthar acmhainní don ábhar go han-mhaith. Tá na rangsheomraí ina bhfuil múinteoirí bunaithe an-dea-threilmhaithe agus tá teacht ag múinteoirí teanga ar theanglann. Moltar go leanfaí ar aghaidh le hacmhainní feiliúnacha a chnuasú agus leis an stoc leabharlainne a mhéadú.
- Tá na múinteoirí Fraincise tiomanta don soláthar curaclaim a fheabhsú agus dá bhforbairt ghairmiúil féin. Bhí siad rannpháirteach in obair na scrúduithe teastais agus i gceardlanna ábhar-bhunaithe. Tá forbairt luachmhar déanta ar obair na roinne tríd an fhorbairt ghairmiúil inscoile ar an TFC a cuireadh ar fáil ag duine den bhfoireann roinne féin. Luadh ná mhiste don scoil iarratas a dhéanamh ar chabhair ó chúntóir teanga Fraincise. Ba thairbheach, freisin, machnamh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a eascraíonn as scéimeanna na Roinne, de leithéidí an scéim cuairteanna gairmiúla ag oidí Francacha/Éireannacha agus an scéim scoláireachtaí samhraidh.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Déanann de duine na múinteoirí comhordú ar obair na roinne. Tionóltar cruinnithe roinne. Tá soláthar ann freisin do chruinnithe seachtainiúla idir cuid de na múinteoirí. Tá sé fíorthábhachtach go dtacódh na cruinnithe seo le comhoibriú and cumarsáid i dtaca le

teagasc agus foghlaim sa *Soláthar Lán-Ghaeilge* agus sa chlár comhthreomhar *Droichead* araon.

- Ba chóir do na múinteoirí Fraincise plean gníomhaíochta a leagadh amach do fhorbairt an tsoláthair ar bhonn leantach.
- Táthar tar éis tabhairt faoin bpleanáil ábhair. I bpleanáil ábhair agus ceachtanna, ba chóir ceann a thógaint de thábhacht an chur chuige téamúil, de fhorbairt incriminteach scileanna, de shealbhú na struchtúr teanga agus de chomhchuimsiú spriocanna foghlama.
- Bhí an phleanáil ag múinteoirí aonair do na ceachtanna a breathnaíodh go han-chríochnúil agus samhlaiteach, agus san áireamh inti bhí aimsiú agus ullmhú ábhair agus acmhainní ábhartha.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinnti agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bPríomhoide, an Príomhoide Tánaisteach agus na múinteoirí ábhair.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Aguisín

FREAGRA NA SCOILE AR AN TUAIRISC

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Bhíomar thar a bheith sásta leis an dtuairisc dearfach spreagúil.